# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 29 Samhain – 5 Nollaig, 2025**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902

**Séipéal na Carraige,**
**Dé Sathairn, 29 Samhain ar a 7.30in**
**Intinn:** 1. Máire agus Eoghan Ó Muircheartaigh, Corraghráig, C.B.
2. Mary Uí Mhurchú agus a mac Tommy, Clochán Dubh.
3. Edna agus Caoimhín Ó Cinnéide, Baile Mhórdhaigh, C.B.
**Dé hAoine, 5 Nollaig ar a 7.00in**
**Intinn:** Maria Uí Chonchúir, Cill Mhaolcheadair, C.M. agus a fear céile Tom, atá ar shlí na fírinne.
**Dé Sathairn, 6 Nollaig ar a 12.00 meán lae.**
**Intinn:** Liam Mac Mathúna, Glaise Bheag, a fuair bás i Sasana, C.M.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 30 Samhain ar a 10.00rn**
**Intinn:** Breanndán, Treasa, Ciarán agus Caroline Feiriteur, Baile an Fheirtéaraigh, C.B.

**Guí an Phobail**
Na daoine atá luaite ar Liostaí na Samhna agus na mairbh go léir**.**
Ted Ó Muircheartaigh, Rathanáin, a fuair bás le déanaí.
Micheál de Lóndra, Co. Liatroma agus ó Mhárthain ó dhúchas.



**Bailiúchán Speisialta**
Beidh Bailiúchán Speisialta ar mhaithe le Seirbhísí na nÓg an deireadh seachtaine seo chugainn **6/7 Nollaig.**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 7 Nollaig, ar a 9.00rn**
**Intinn:** 1. Treasa (Ní Loingsigh) Uí Chaoimh, Co. Chill Mhantáin agus Dún Chaoin, C.M.
2. Geraldine McCarthy agus a mac Dan, Traverse City.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 7 Nollaig ar a 10.00rn**
**Intinn:** Christy Corduff, Baile an Éanaigh, 1ú C.B.

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 7.00in,
Dé hAoine 9.30rn (An Chéad Aoine)
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in.

**Carlo Acutis – Aifreann Míosúil agus Beannú le Taisí Carlo Acutis**
Beidh Aifreann agus deabhóidí i Seipéal Naomh Uinseann**, Déardaoin, 4 Nollaig, ar a 7.00in**. Beidh Adhradh, an Choróin Mhuire agus paidreacha eile ann óna 6.00in. ***'Ní mise ach Dia'***

## Cártaí Nollag 2025

Beidh na Cártaí Nollag ar díol ag na h-aifrinntí an deireadh seachtaine seo. **6 Chárta ar €5** arís i mbliana**.** Táimid go mór faoi chomaoin do Carol Uí Laoithe a d'ullmhaigh na cártaí do na clódóirí. Tá íomhánna le Liam Ó Néill, Noel O'Neill agus Jane Hilliard ar na cártaí agus míle buíochas leo. Canann Cór na nAingeal mBinn (aistriúchán ar an iomann cáiliúil 'Hark the herald Angels Sing') le Tadhg Ó Séaghdha ó Chaisleán Ghriaire agus Gaillimh iomann na bliana seo. Peadar Ó hAnnracháin a scríobh an phaidir atá ar na cártaí. Chaith sé tréimhse mar thimire Gaeilge i mBaile an Fheirtéaraigh breis agus céad bliain ó shin agus scríobh sé paidreacha agus beannachtaí na Nollag agus cuireadh i gcló iad in irisí difriúla. Táimid thar a bheith buíoch leis na gnónanna a dhíolann na cártaí dúinn. Beidh siad ar díol i siopaí áitiúla:- Oifig an Phoist Ceann Trá, SPAR, Siopa Uí Mhóráin agus Mac Domhnaill Dental, Trá Lí. Míle buíochas as bhur dtacaíocht. **Bheimís buíoch dá gcuirfeadh sibh daoine ón dtaobh amuigh don bparóiste ar an eolas mar gheall ar na cártaí seo.**

**An Aidbhint**

Mar mhachnamh dá chuid do chéad Dhomhnach na hAidbhinte mheabhragh an Pápa Benedict XVI go dtosaíonn bliain nua liotúirgeach leis an Domhnnach seo. Tosaíonn pobal Dé an athuair ar an mbóthar le machnamh a dhéanamh ar bhreith ár sláinitheora Íosa Críost. Ionann Críost inné, inniu agus i gcónaí. Ach athraíonn an stair de shíor agus tá gá aici i gcónaí le scéal Chríost a chlos. Is eisean comhlíonadh na staire agus todhchaí solasmhar an chine dhaonna agus an domhain. Is í an Aidbhint, mar sin, an tráth fábharach, uair na cinniúna agus súil a bheith againn dó-sin "atá, a bhí, agus atá le teacht".

**Fleasc na hAidbhinte**

Leagtar trí choinneal chorcra agus coinneal bhándearg amháin ar an bhfleasc. Seasann an ciorcal de dhuilleoga síorghlasa do Dhia, atá gan tús gan deireadh. Seasann an ribín corcra agus na coinnle corcra don aithrí mar gheall ar na peacaí. Seasann an choinneal bhándearg don áthas a bhaineann le saol a chaitear ar bhealach grámhar Dé.

Beidh **Handel's Messiah** leis an Irish Chamber Orchestra agus Chamber Choir, ar siúl, i Séipéal Naomh Muire, sa Daingean, Déardaoin, 11 Nollaig ag 7.30in. Ticéid €30 ó Shiopa Leabhair an Daingin agus ó Phoitigéir an Bhreathnaigh. Feachtas bailithe airgid ar mhaithe leis An Díseart.

**Staisiún**

Beidh na stáisiúin ag Madge Nic Gearailt do Rinn Chonaill, Léim Fhir Léith agus Gurrán ar an Satharn, 6 Nollaig 2025 ar a **2.00in.**

**Glaochanna Comaoineach**

Dé hAoine 5 Nollaig, an Chéad Aoine. Glaochanna Comaoineach mar seo leanas:

| | |
|---|---|
| Déardaoin, 4 Nollaig | Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin |
| Dé hAoine, 5 Nollaig | Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin. |

**Dráma na Nollag**

Beidh Dráma na Nollag ag Scoil an Fheirtéaraigh i Halla na Feothanaí, an 4 Nollaig ar a 7.00in. Cead Isteach: €5 do dhaoine fásta, agus tá fáilte roimh chách.

**Ceannaigh Bríce ar mhaithe le Scoil Dhún Chaoin**

Mar chuid den bhforbairt atá ar siúl i Scoil Dhún Chaoin tá €20,000 le bailiú chun áiseanna a chuir ar fáil. Más mian leat cabhrú, bhríce singil €100 nó ceann dúbailte ar €250. https://chuffed.org/project/159013-ceannaigh-brice-do-scoil-dhun-chaoin nó 087-4832512.

**Ní Neart Go Cur Le Chéile**

Iarrtar ort teacht amach agus seasamh a thógaint ar son breis foirne, leapacha, áiseanna agus seirbhísí a bheith ar fáil in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne, Dé Sathairn, 6 Nollaig, ar a 3.30in in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne. Breis eolais 0872890625 / 0863892129.

**Grúpa WhatsApp don bParóiste**

Tá Grúpa WhatsApp ag an bparóiste chun go bhféadfadh na baill eolas a fháil maidir le Aifrinntí agus ócáidí a bheadh ar siúl. Má tá suim agat cuir glaoch ar Thigh na Sagart 066-9156131 nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie, le d'ainm agus uimhir do guthán póca.

**Oilithreacht go Assisi:** 2 – 6 Bealtaine, 2026 (cailleadh Naomh Proinsias sa bhliain 1226, beidh sé caillte 800 bliain i 2026) Má tá suim agat ann glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.

**Anam Cara**

Beidh cruinniú ag Anam Cara, **in Óstán Meadowlands, Dé Máirt, 9 Nollaig ag 7.30in.** Is eagraíocht Anam Cara a thugann tacaíocht do dhaoine gur cailleadh leanbh leo. Bíonn cruinniú míosúil acu arlíne, breis eolais ar 01-4045378 nó info@anamcara.ie.

**Ciste an Pharóiste €570**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**

Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie